2026/2326

20.10.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2326 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1135 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais tuairiscithe a shimpliú agus a thabhairt cothrom le dáta

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 7611)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha agus tógála beostoic (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) ([1]), agus go háirithe Airteagal 72(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 72(1) de Threoir 2010/75/AE cuirtear de cheanglas ar na Ballstáit faisnéis a thuairisciú, i bhformáid leictreonach, maidir le cur chun feidhme na Treorach sin, maidir le sonraí ionadaíocha i ndáil le hastaíochtaí agus cineálacha eile truaillithe, maidir le teorainnluachanna astaíochta, maidir le cur i bhfeidhm na dteicnící is fearr atá ar fáil (TIFAF), agus maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt agus cur i bhfeidhm teicnící atá ag teacht chun cinn.

(2) Leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1135 ón gCoimisiún ([2]) cineál, formáid agus minicíocht na faisnéise a bhaineann leis na blianta ó 2017 atá le soláthar ag na Ballstáit chun críoch tuairiscithe faoi Airteagal 72(1) de Threoir 2010/75/AE. I gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1135, ní mór do na Ballstáit an fhaisnéis a chur ar fáil trí úsáid a bhaint as an uirlis tuairiscithe leictreonach chomhchuibhithe arna soláthar ag an gCoimisiún.

(3) De bhun Airteagal 72(2) de Threoir 2010/75/AE, tá Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1135 le tabhairt cothrom le dáta aon uair is gá agus tráth nach déanaí ná an 5 Lúnasa 2026. Le Treoir (AE) 2024/1785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) leasaíodh Treoir 2010/75/AE, agus is gá, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1135 a ailíniú leis na leasuithe sin.

(4) Tháinig Rialachán (AE) 2024/1244 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), lena leagtar síos rialacha maidir le bailiú agus tuairisciú sonraí comhshaoil maidir le suiteálacha tionsclaíocha agus lena mbunaítear an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha (an 'Tairseach'), i bhfeidhm an 22 Bealtaine 2024 agus beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2028. Faoi Airteagal 4(1), pointe (c), den Rialachán sin, áireofar ar an Tairseach an fhaisnéis maidir le suiteálacha aonair arna dtuairisciú ag na Ballstáit don Choimisiún i gcomhréir le Treoir 2010/75/AE, go háirithe Airteagal 72 den Treoir sin.

([1]) IO L 334, 17.12.2010, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/75/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1135 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2018 lena mbunaítear cineál, formáid agus minicíocht na faisnéise atá le cur ar fáil ag na Ballstáit chun críoch tuairiscithe ar chur chun feidhme Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha. (IO L 205, 14.8.2018, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/1135/oj).

([3]) Treoir (AE) 2024/1785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L, 2024/1785, 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1785/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2024/1244 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le tuairisciú sonraí comhshaoil ó shuiteálacha tionsclaíocha, lena mbunaítear Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 (IO L, 2024/1244, 2.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1244/oj).

(5) Tagann gach earnáil thionsclaíoch a chumhdaítear le Treoir 2010/75/AE faoi raon feidhme Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1244. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart dúbláil tuairiscithe a sheachaint trí na rialacha a bhaineann leis na ceanglais tuairiscithe faoi Airteagal 72(1) de Threoir 2010/75/AE a ailíniú leis na rialacha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2026) 7610 ([5]), lena leagtar síos an fhormáid maidir leis an tuairisciú atá ina cheanglas ar na Ballstáit de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2024/1244. Ina theannta sin, chun an tuairisciú faoi Threoir 2010/75/AE agus Rialachán (AE) 2024/1244 a shimpliú agus a chuíchóiriú, ba cheart an uirlis tuairiscithe chéanna a úsáid le haghaidh tuairisciú faoin dá ghníomh.

(6) Chun an t-ualach tuairiscithe ar na Ballstáit a laghdú, agus ós rud é nach minic a athraíonn an fhaisnéis riaracháin is gá ó bhliain go bliain, tá an tíolacadh leictreonach le réamhlíonadh ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) ón dara bliain tuairiscithe, le haghaidh na réimsí sin a áirítear freisin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2026) 7610, ar bhonn na sonraí arna dtuairisciú ag na Ballstáit sa chéad bhliain tuairiscithe. Sna blianta ina dhiaidh sin, bunóidh EEA na sonraí réamhlíonta ar na sonraí is déanaí a chuir na Ballstáit isteach nó a bhailíochtaigh siad ar shlí eile.

(7) I gcás suiteálacha atá faoi réir Chaibidil II de Threoir 2010/75/AE, ba cheart faisnéis níos sonraí a sholáthar maidir le conclúidí TIFAF chun gur féidir conclúidí TIFAF maidir leis an bpríomhghníomhaíocht a dhéantar ag an tsuiteáil a idirdhealú ó na conclúidí sin maidir le gníomhaíochtaí eile a dhéantar ag an tsuiteáil.

(8) I gcás suiteálacha atá faoi réir Chaibidil II de Threoir 2010/75/AE, níor cheart na Ballstáit a bheith faoi cheanglas a thuilleadh a thuairisciú cé acu a deonaíodh nó nár deonaíodh cead faoi Airteagal 5 den Treoir sin, toisc go n-áirithítear trédhearcacht cheana féin leis an bhfaisnéis ar an URL ar a bhfuil rochtain ag an bpobal ar an gcead.

(9) Chun an t-ualach tuairiscithe a laghdú, agus tuairisciú faisnéise tábhachtaí a bhaineann le neamhchomhlíonadh á áirithiú an tráth céanna, níor cheart an tuairisciú a dhíriú ach ar na cásanna is tromchúisí neamhchomhlíonta coinníollacha ceada, as a dtagann fionraíocht oibríochtaí. Thairis sin, seachas tuairisciú a dhéanamh ar an athbhreithniú ar choinníollacha ceada, ba cheart do na Ballstáit tuairisciú ar choinníollacha ceada nuashonraithe, ós rud é go bhfuil an fhaisnéis sin níos úsáidí.

(10) Ós rud é go dtagann ceanglais tuairiscithe áirithe a bhaineann le mórghléasraí dócháin a chumhdaítear le Caibidil III de Threoir 2010/75/AE as Airteagal 72(3) den Treoir sin cheana féin, ba cheart iad a scriosadh ó Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1135. Ina theannta sin, níl gá a thuilleadh le tuairisciú ar mhaoluithe sealadacha faoi Airteagail 31 go 34 agus Airteagal 35 de Threoir 2010/75/AE, toisc nach bhfuil na forálacha sin i bhfeidhm a thuilleadh.

(11) Ós rud é, de bhun Airteagal 55(3) de Threoir 2010/75/AE, go bhfuil an t-údarás inniúil le liosta de ghléasraí loiscthe agus comhloiscthe dramhaíola ag a bhfuil toilleadh ainmniúil is lú ná 2 thona in aghaidh na huaire a tharraingt suas agus a chur ar fáil go poiblí, níl gá le tuairisciú ar an liosta sin faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1135.

(12) I gcás suiteálacha a chumhdaítear le Caibidil II de Threoir 2010/75/AE, ba cheart do na Ballstáit tuairisciú ar chur chun feidhme na gcóras bainistithe comhshaoil, atá deartha chun feidhmíocht chomhshaoil na suiteála a fheabhsú go leanúnach agus ina bhfuil táscairí bunaithe ar thagarmharcanna a áirítear i gconclúidí TIFAF. I bhfianaise líon ard na suiteálacha lena mbaineann, tá gá le dáileadh cothrom na n-iarrachtaí tuairiscithe le himeacht ama. Dá réir sin, ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid faisnéis a thuairisciú maidir le córais bainistithe comhshaoil a bhaineann le suiteálacha in earnálacha dianfhuinnimh ón mbliain tuairiscithe 2030 ar aghaidh (faisnéis le cur isteach in 2031). I gcás gach earnála eile, ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid ón mbliain tuairiscithe 2033 ar aghaidh (faisnéis le cur isteach in 2034).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena mbunaítear formáid agus minicíocht na sonraí agus an liosta d'amhábhair ábhartha atá le tuairisciú ag na Ballstáit chun críoch tuairiscithe ar shonraí comhshaoil maidir le suiteálacha tionsclaíocha faoi Rialachán (AE) 2024/1244 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1741 ón gCoimisiún (C(2026) 7610).

(13) I gcás suiteálacha a chumhdaítear le Caibidil II de Threoir 2010/75/AE, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a sholáthar faoi cé acu a deonaíodh nó nár deonaíodh maolú ar leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le TIFAF faoi Airteagal 15(6) den Treoir sin. Tá an fhaisnéis sin fíor-riachtanach le haghaidh mheasúnú an Choimisiúin ar chur chun feidhme Threoir 2010/75/AE, lena n-áirítear an measúnú i ndáil leis an ngeilleagar ciorclach, agus éifeachtúlacht acmhainne, fuinnimh agus uisce.

(14) De bhun Airteagail 27b agus 27c de Threoir 2010/75/AE, féadfaidh údaráis inniúla maoluithe a dheonú arb é is aidhm dóibh tástáil agus úsáid teicnící atá ag teacht chun cinn a spreagadh agus tacú leo. De bhun Airteagal 27e de Threoir 2010/75/AE, féadfaidh na húdaráis inniúla maoluithe a dheonú arb é is aidhm dóibh claochlú tionsclaíoch ó bhonn a bhaint amach. Is ceanglas ar na Ballstáit é de réir Airteagal 27e de Threoir 2010/75/AE an Coimisiún a chur ar an eolas uair sa bhliain ar a laghad faoi mhaoluithe arna ndeonú i gcomhréir leis an Airteagal sin mar chuid de na hoibleagáidí tuairiscithe faoi Airteagal 72 den Treoir sin. Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a sholáthar faoi cé acu a deonaíodh nó nár deonaíodh na maoluithe thuasluaite, ós rud é gur faisnéis fhíor-riachtanach é sin chun dinimic na nuálaíochta a mheas, lena n-áirítear teicnící atá ag teacht chun cinn, sa tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ina ndéantar athbhreithniú ar chur chun feidhme Threoir 2010/75/AE, mar a cheanglaítear le hAirteagal 73(1) den Treoir.

(15) I bhfianaise líon ard na suiteálacha lena dtógtar éanlaith chlóis agus muca, agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú, ba cheart an fhaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit faoi shuiteálacha lena dtógtar éanlaith chlóis agus muca a bheith chomh teoranta agus is féidir agus ba cheart í a bheith teoranta i gcónaí do na sonraí riaracháin is gá chun na suiteálacha sin a shainaithint agus chun maoirseacht a dhéanamh orthu. Thairis sin, níor cheart faisnéis a éileamh maidir le suiteálacha lena dtógtar éanlaith chlóis agus muca ach amháin maidir leis na cásanna neamhchomhlíonta is tromchúisí as a dtagann fionraíocht oibríochtaí agus ceadanna nó clár atá ar fáil go poiblí i gcomhréir le hAirteagail 70c agus 70f de Threoir 2010/75/AE.

(16) Mar a leagtar amach in Airteagal 3(5) de Threoir (AE) 2024/1785, i ndáil le suiteálacha lena dtógtar éanlaith chlóis agus muca agus a dhéanann gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Treoir 2010/75/AE, tá na Ballstáit chun na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin arna nglacadh i gcomhréir leis an Treoir sin a chur i bhfeidhm de réir a chéile ar bhonn theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme atá le glacadh faoin 1 Meán Fómhair 2026 de bhun Airteagal 70i(2) de Threoir 2010/75/AE. Ba cheart éifeacht a bheith ag na ceanglais tuairiscithe le haghaidh suiteálacha den sórt sin de réir na hamlíne céanna a leagtar amach in Airteagal 3(5) de Threoir (AE) 2024/1785. Chun leanúnachas an tuairiscithe a áirithiú le haghaidh suiteálacha den sórt sin a thagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE sa leagan atá i bhfeidhm an 3 Lúnasa 2024, ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1135 go dtí go dtiocfaidh na ceanglais tuairiscithe nua a thugtar isteach leis an gCinneadh seo i bhfeidhm.

(17) Chun cur chun feidhme comhleanúnach agus tráthúil na n-oibleagáidí tuairiscithe nua a áirithiú, ba cheart dóthain ama a thabhairt do na Ballstáit a gcreataí tuairiscithe náisiúnta a oiriúnú. Chun an t-ualach riaracháin a íoslaghdú, ba cheart cur i bhfeidhm an Chinnidh seo a ailíniú le dátaí chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1244 agus leis na ceanglais tuairiscithe ghaolmhara a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) C(2026) 7610. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh, i.e. le haghaidh na bliana tuairiscithe 2027.

(18) Tá na bearta dá bhforáiltear leis an gCinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 75 de Threoir 2010/75/AE.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1135 mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

Airteagal 1

1. I gcás suiteálacha a chumhdaítear le Caibidlí II, III, IV agus VIa de Threoir 2010/75/AE, cé is moite de ghléasraí loiscthe dramhaíola agus gléasraí comhloiscthe dramhaíola ag a bhfuil toilleadh ainmniúil is lú ná 2 thona in aghaidh na huaire, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn I ar fáil don Choimisiún agus úsáid á baint as an bhformáid a leagtar síos san Iarscríbhinn sin, le haghaidh gach suiteála a chumhdaítear.

2. Maidir le suiteálacha a chumhdaítear le Caibidil V de Threoir 2010/75/AE, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn II ar fáil don Choimisiún agus úsáid á baint as an bhformáid a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

3. Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II trí úsáid a bhaint as an uirlis tuairiscithe leictreonach chomhchuibhithe arna cur ar fáil ag an gCoimisiún.4.

4. Maidir le suiteálacha a thógann éanlaith chlóis agus muca, beidh feidhm ag an Airteagal seo mar a leanas:

(a) ón 1 Eanáir 2031 ar aghaidh i gcás suiteálacha a chumhdaítear le Caibidil VIa de Threoir 2010/75/AE ag a bhfuil acmhainneacht 600 aonad beostoic, nó níos mó;

(b) ón 1 Eanáir 2032 ar aghaidh, i gcás suiteálacha a chumhdaítear le Caibidil VIa de Threoir 2010/75/AE ag a bhfuil acmhainneacht 400 aonad beostoic nó níos mó;

(c) ón 1 Eanáir 2033 ar aghaidh, maidir le gach suiteáil eile a chumhdaítear le hIarscríbhinn Ia a ghabhann le Treoir 2010/75/AE.

5. Go dtí na dátaí dá dtagraítear i mír 4, beidh feidhm ag na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach sa Chinneadh seo sa leagan is infheidhme an 31 Nollaig 2027 maidir leis na suiteálacha dá dtagraítear sa mhír sin a thagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE sa leagan atá i bhfeidhm an 3 Lúnasa 2024.';

2. Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) leasaítear an chéad mhír mar a leanas:

(i) Cuirtear '2027' in ionad '2017';

(ii) Cuirtear '30 Meán Fómhair 2028' in ionad '30 Meitheamh 2019';

(b) leasaítear an dara mír mar a leanas:

(i) cuirtear 'bliain tuairiscithe 2027' in ionad 'blianta tuairiscithe 2017 agus 2018';

(ii) Cuirtear 'Le haghaidh na bliana tuairiscithe seo' in ionad 'le haghaidh na mblianta tuairiscithe sin';

(iii) Cuirtear 'an 30 Meán Fómhair 2028' in ionad 'an 30 Meán Fómhair 2019';

3. Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn I;

4. Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn II.

Airteagal 2

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2028.

Airteagal 3

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Jessika ROSWALL
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

Faisnéis faoi shuiteálacha a chumhdaítear le Caibidlí II, III, IV agus VIa de Threoir 2010/75/AE [seachas gléasraí loiscthe dramhaíola agus gléasraí comhloiscthe dramhaíola ag a bhfuil toilleadh ainmniúil is lú ná 2 thona in aghaidh na huaire]

Tabhair faoi deara: Féadfaidh na Ballstáit faisnéis a mheasann siad a bheith rúnda a chur in iúl, agus na forais a thabhairt a mheasann siad a chuireann bac ar an gCoimisiún í a chur ar fáil go poiblí.

1.1.	**Eolas comhthéacsúil**	
	Saghas	Formáid
1.1.1.	Aitheantóir tíre	Sainaithint na tíre ina bhfuil na suiteálacha agus na páirteanna suiteála tuairiscithe suite.
1.1.2.	Bliain tuairiscithe	An bhliain féilire dá dtagraíonn an tuairisciú.

1.2	**Faisnéis faoi na suiteálacha uile a chumhdaítear le Caibidil II de Threoir 2010/75/AE**	
	Saghas	Formáid
1.2.1.	doiciméad aitheantais INSPIRE	Aitheantóir uathúil a chomhlíonann ceanglais Threoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), mar a shonraítear freisin i Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún ([2]), go háirithe pointe 8 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin.
1.2.2.	thematicId (roghnach)	Aitheantóir na hOibiachta Téamaí.
1.2.3.	Geoiméadracht	Domhanleithead agus domhanfhad (comhordanáidí le haghaidh neaslár na suiteála) arna sloinneadh le tagairt do chóras tagartha comhordanáidí ETRS89 (2D)-EPSG:4258 agus cruinneas 5 ionad dheachúlacha ag gabháil leo.
1.2.4.	Ainm na suiteála	Ainmníocht oifigiúil, ainm ceart nó gnáthainm na suiteála.
1.2.5.	Stádas	Stádas oibríochtúil na suiteála.
1.2.6.	Údarás inniúil	I gcás na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2010/75/AE, ainm agus faisnéis teagmhála le haghaidh na nithe seo a leanas: (a) an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla atá freagrach as ceadanna a dheonú faoi Chaibidil II den Treoir sin; (b) an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla atá freagrach as cigireachtaí faoi Chaibidil II den Treoir sin.
1.2.7.	Gníomhaíochtaí a rinneadh	Sainaithint na ngníomhaíochtaí uile a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2010/75/AE agus a dhéantar ag an tsuiteáil, agus idirdhealú á dhéanamh idir príomhghníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí eile.
1.2.8.	Conclúidí TIFAF	Na cinntí cur chun feidhme ón gCoimisiún maidir le conclúidí TIFAF is infheidhme maidir le haon cheann de na gníomhaíochtaí a dhéantar ag an tsuiteáil a shainaithint, agus idirdhealú á dhéanamh idir conclúidí TIFAF príomhghníomhaíochta agus conclúidí TIFAF eile is infheidhme.
1.2.9.	Caibidlí ábhartha eile i dTreoir 2010/75/AE	Sainaithint na gCaibidlí i dTreoir 2010/75/AE seachas Caibidlí I agus II a bhfuil feidhm acu maidir leis an tsuiteáil (nó le codanna di).
1.2.10.	Tuarascáil bhonnlíne curtha isteach	Léiriú ar cé acu a cuireadh nó nár cuireadh tuarascáil bhonnlíne, dá dtagraítear in Airteagal 22(2) de Threoir 2010/75/AE, faoi bhráid an údaráis inniúil.

Saghas	Formáid
1.2.11. Córas bainistithe comhshaoil	Ón mbliain tuairiscithe 2030: ní mór do shuiteálacha a dhéanann na gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointí 1 go 4, 6.1 a agus 6.1 b d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2010/75/AE an fhaisnéis i bpointí (a) go (c) thíos a sholáthar Ón mbliain tuairiscithe 2033: ní mór do shuiteálacha a dhéanann aon ghníomhaíocht eile a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2010/75/AE an fhaisnéis i bpointí (a) go (c) thíos a sholáthar. a) Cé acu atá nó nach bhfuil an tsuiteáil cumhdaithe ag córas bainistithe comhshaoil. b) URL (URLanna) ag ar féidir an fhaisnéis atá ar fáil go poiblí sa chóras bainistithe comhshaoil a fháil (Airteagal 14a(4) de Threoir 2010/75/AE). c) Cé acu atá nó nach bhfuil córas bainistithe comhshaoil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), caighdeán ISO 14001, conclúidí TIFAF nó caighdeán eile.
1.2.12. Cead a deonaíodh (Airteagal 5) agus cásanna tromchúiseacha neamhchomhlíonta (Airteagal 8(3) agus (4))	(a) URL nó URLanna ag a gcuirtear an cead nó na ceadanna ar fáil go poiblí. (b) Léiriú ar chásanna tromchúiseacha neamhchomhlíonta le coinníollacha ceada (Airteagal 8(3) agus 4) de Threoir 2010/75/AE) as a dtagann fionraí oibríochtaí ag an tsuiteáil le linn na bliana tuairiscithe, agus cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh gníomhaíocht forfheidhmiúcháin ina leith sin.
1.2.13. Na coinníollacha ceada a thabhairt cothrom le dáta (Airteagal 21(3))	(a) Léiriú ar cé acu a tugadh nó nár tugadh coinníollacha ceada cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) de Threoir 2010/75/AE. (b) Más infheidhme, an dáta a tugadh coinníollacha an cheada cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) de Threoir 2010/75/AE.
1.2.14. Maolú TIFAF faoi Airteagal 15(5) — Leibhéil astaíochtaí	I gcás suiteálacha ar tugadh coinníollacha ceada cothrom le dáta ina leith i gcomhréir le hAirteagal 21(3) de Threoir 2010/75/AE, léiriú ar cé acu a deonaíodh nó nár deonaíodh maolú faoi Airteagal 15(5) den Treoir sin. I gcás inar deonaíodh maolú, ní mór faisnéis a sholáthar faoi na nithe seo a leanas: (a) an URL ag a bhfuil na cúiseanna sonracha leis an maolú agus na coinníollacha arna bhforchur ar fáil go poiblí, i gcomhréir le hAirteagal 24(2), pointe (f), de Threoir 2010/75/AE; (b) an cinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún maidir le conclúidí TIFAF ónar deonaíodh an maolú; (c) an leibhéal astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil ónar deonaíodh an maolú; (d) más infheidhme, fad an mhaolaithe.
1.2.15. Maolú TIFAF faoi Airteagal 15(6) – Leibhéil feidhmíochta	I gcás suiteálacha ar tugadh coinníollacha ceada cothrom le dáta ina leith i gcomhréir le hAirteagal 21(3) de Threoir 2010/75/AE, léiriú ar cé acu a deonaíodh nó nár deonaíodh maolú faoi Airteagal 15(6) di. I gcás inar deonaíodh maolú, ní mór faisnéis a sholáthar faoi na nithe seo a leanas: (a) an URL ag a bhfuil na cúiseanna sonracha leis an maolú agus na coinníollacha arna bhforchur ar fáil go poiblí, i gcomhréir le hAirteagal 24(2), pointe (f), de Threoir 2010/75/AE; (b) an cinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún maidir le conclúidí TIFAF ónar deonaíodh an maolú; (c) an Leibhéal Feidhmíochta Comhshaoil a bhaineann le TIFAF ónar deonaíodh an maolú; (d) más infheidhme, fad an mhaolaithe.

Saghas	Formáid
1.2.16. Teicnící atá ag teacht chun cinn agus claochlú tionsclaíoch ó bhonn (Airteagail 27b, 27c agus 27e)	a) Léiriú ar cé acu a bhí nó nach raibh an maolú maidir le teicnící atá ag teacht chun cinn a thástáil, dá bhforáiltear faoi Airteagal 27b de Threoir 2010/75/AE, in úsáid le linn na bliana tuairiscithe, agus dáta tosaigh an mhaolaithe. b) Léiriú ar cé acu a bhí nó nach raibh an maolú maidir le cur chun feidhme teicnící atá ag teacht chun cinn, dá bhforáiltear faoi Airteagal 27c de Threoir 2010/75/AE, in úsáid le linn na bliana tuairiscithe. I gcásanna ina bhfuil sé in úsáid, ní mór faisnéis a sholáthar maidir le leibhéil astaíochta ghaolmhara nó luachanna feidhmíochta táscacha a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn. c) Léiriú ar cé acu a bhí nó nach raibh an maolú le haghaidh claochlú tionsclaíoch ó bhonn, dá bhforáiltear faoi Airteagal 27e(1) nó 27e(2) de Threoir 2010/75/AE, in úsáid le linn na bliana tuairiscithe, agus dáta tosaigh agus dáta deiridh an mhaolaithe.
1.2.17. Coinníollacha ceada níos déine	I gcás suiteálacha ar tugadh coinníollacha ceada cothrom le dáta ina leith i gcomhréir le hAirteagal 21(3) de Threoir 2010/75/AE, léiriú ar cé acu a shocraítear nó nach socraítear, leis an gcead, teorainnluachanna astaíochta níos déine ná an luach is ísle de raon an leibhéil astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil, lena n-áirítear: (a) na cinntí cur chun feidhme is infheidhme ón gCoimisiún maidir le conclúidí TIFAF; (b) an leibhéal astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil is infheidhme; (c) cé acu a socraíodh nó nár socraíodh na teorainnluachanna astaíochtaí níos déine sin de bhun Airteagal 14(4) nó Airteagal 18 de Threoir 2010/75/AE nó an dá Airteagal sin.
1.2.18. Cuairteanna ar an láithreán (cigireachtaí) (Airteagal 23)	(a) An líon cuairteanna ar an láithreán chuig an tsuiteáil a rinne an t-údarás inniúil le linn na bliana tuairiscithe. (b) URL sonrach na tuarascála deiridh ar chuairt ar an láithreán, nó URL cineálach lena mínítear conas is féidir rochtain phoiblí a fháil ar thuarascálacha ar chuairteanna aonair i gcomhréir le hAirteagal 23(6), an dara fomhír.
1.2.19. Sonraí faireacháin ar astaíochtaí	Léiriú ar an gcaoi ar cuireadh torthaí an fhaireacháin ar astaíochtaí ar fáil go poiblí faoi Airteagal 24(3), pointe (b), lena n-áirítear URL an leathanaigh gréasáin ar ar féidir teacht orthu.
1.2.20. Barúlacha (roghnach)	Aon fhaisnéis ábhartha eile.

([1]) Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE). (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2007/2/oj).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2010 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hidir-inoibritheacht tacar agus seirbhísí sonraí spásúla. (IO L 323, 8.12.2010, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1089/oj).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE ón gCoimisiún agus Cinneadh 2006/193/CE. (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1221/oj).

1.3	**Faisnéis bhreise maidir le mórghléasraí dócháin a chumhdaítear le Caibidil III agus gléasraí loiscthe dramhaíola agus comhloiscthe dramhaíola ag a bhfuil toilleadh 2 thona nó níos mó in aghaidh na huaire a chumhdaítear le Caibidil IV de Threoir 2010/75/AE**	
	Saghas	Formáid
1.3.1	Faisnéis ghinearálta	
1.3.1.a.	doiciméad aitheantais INSPIRE	Aitheantóir uathúil a chomhlíonann ceanglais Threoir 2007/2/CE, mar a shonraítear freisin i Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún, go háirithe pointe 8 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin
1.3.1 b.	thematicId (roghnach)	Aitheantóir na hOibiachta Téamaí.
1.3.1.c.	Geoiméadracht	Domhanleithead agus domhanfhad (comhordanáidí le haghaidh neaslár na suiteála) arna sloinneadh le tagairt do chóras tagartha comhardanáidí ETRS89 (2D)-EPSG:4258 agus cruinneas 5 ionad dheachúlacha ag gabháil leo.
1.3.1.d.	Ainm an ghléasra	Ainmníocht oifigiúil nó ainm ceart nó gnáthainm an ghléasra.
1.3.1.e.	Stádas	Stádas oibríochtúil an ghléasra.
1.3.1.f.	Barúlacha (roghnach)	Aon fhaisnéis ábhartha eile.
1.3.2.	Faisnéis maidir le gléasraí loiscthe dramhaíola agus comhloiscthe dramhaíola ag a bhfuil toilleadh ainmniúil 2 thona nó níos mó in aghaidh na huaire	
1.3.2.a.	Toilleadh ainmniúil iomlán	Toilleadh ainmniúil iomlán an ghléasra loiscthe dramhaíola nó comhloiscthe dramhaíola.
1.3.2.b.	Toilleadh ceadaithe le haghaidh dramhaíl ghuaiseach	An toilleadh iomlán ceadaithe le haghaidh loscadh agus comhloscadh dramhaíola guaisí.
1.3.2.c.	Toilleadh ceadaithe le haghaidh dramhaíl neamhghuaiseach	Toilleadh ceadaithe iomlán le haghaidh loscadh agus comhloscadh dramhaíola neamhghuaisí.
1.3.2.d.	Airteagal 46(2) de Threoir 2010/75/AE maidir le coimircí rialaithe astaíochtaí	Léiriú ar na nithe seo a leanas: (a) cé acu a thagann nó nach dtagann níos mó ná 40 % den scaoileadh teasa a eascraíonn as an loscadh ó dhramhaíl ghuaiseach; (b) cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dramhaíl chathrach mheasctha neamhchóireáilte a chomhloscadh.
1.3.2.e.	Coinníollacha sonracha	(a) Léiriú ar cé acu a údaraíodh nó nár údaraíodh athrú ar na coinníollacha oibriúcháin faoi Airteagal 51 de Threoir 2010/75/AE. (b) Más infheidhme, tuilleadh faisnéise faoi chineál an athraithe údaraithe ar na coinníollacha oibriúcháin de réir Airteagal 51 de Threoir 2010/75/AE. (c) Más infheidhme: (i) URL don chead, lena leagtar amach na coinníollacha oibriúcháin de réir Airteagal 51 de Threoir 2010/75/AE; (ii) URL na tuarascála deiridh ar chuairt ar an láithreán a cuireadh ar fáil go poiblí de bhun Airteagal 23(6) de Threoir 2010/75/AE, nó URL ina dtugtar míniú ar an gcaoi ar féidir rochtain phoiblí a fháil ar an tuarascáil sin.
1.3.2.f.	Nochtadh poiblí	Léiriú ar an gcaoi ar cuireadh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 55(2) de Threoir 2010/75/AE ar fáil go poiblí, lena n-áirítear URL más rud é gur cruthaíodh suíomhanna gréasáin chun na críche sin.

1.4	**Faisnéis atá de dhíth i gcás ina bhfuil an tsuiteáil a chumhdaítear le Caibidil II, III, IV agus VIa de Threoir 2010/75/AE ina cuid de shaoráid nó comhionann le saoráid** ([1])	
	Saghas	Formáid
1.4.1.	doiciméad aitheantais INSPIRE	Aitheantóir uathúil a chomhlíonann ceanglais Threoir 2007/2/CE, mar a shonraítear freisin i Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún, go háirithe pointe 8 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin.
1.4.2.	thematicId (roghnach)	Aitheantóir na hOibiachta Téamaí.
1.4.3.	Ainm na saoráide	Ainmníocht oifigiúil, ainm ceart nó gnáthainm na saoráide.

([1]) 'Ciallaíonn 'saoráid' saoráid mar a shainítear in Airteagal 3, pointe (2), de Rialachán (AE) 2024/1244.

1.5	**Faisnéis maidir leis na suiteálacha uile a chumhdaítear le Caibidil VIa de Threoir 2010/75/AE** ([1])	
1.5.1.	inspireId	Aitheantóir uathúil a chomhlíonann ceanglais Threoir 2007/2/CE, mar a shonraítear freisin i Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún, go háirithe pointe 8 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin.
1.5.2.	thematicId (roghnach)	Aitheantóir na hOibiachta Téamaí.
1.5.3.	Geoiméadracht	Domhanleithead agus domhanfhad (comhordanáidí le haghaidh neaslár na suiteála) arna sloinneadh le tagairt do chóras tagartha comhardanáidí ETRS89 (2D)-EPSG:4258 agus cruinneas 5 ionad dheachúlacha ag gabháil leo.
1.5.4.	Ainm na suiteála	Ainmníocht oifigiúil, ainm ceart nó gnáthainm na suiteála.
1.5.5.	Stádas	Stádas oibríochtúil na suiteála.
1.5.6.	Toilleadh	Acmhainneacht na suiteála.
1.5.7.	Cead nó clár (Airteagal 70c)	URL (URLanna) ag a gcuirtear an cead (na ceadanna) nó an clár ar fáil go poiblí.
1.5.8.	Neamhchomhlíonadh (Airteagal 70f(3), an dara fomhír)	Léiriú ar chásanna tromchúiseacha de neamhchomhlíonadh cheanglais Chaibidil VIa (Airteagal 70f(3), an dara fomhír de Threoir 2010/75/AE) as a dtagann fionraíocht oibríochtaí ag an tsuiteáil le linn na bliana tuairiscithe, agus cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh gníomhaíocht forfheidhmiúcháin ina leith sin.
1.5.9.	Údarás inniúil	I gcás na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear le hIarscríbhinn Ia a ghabhann le Treoir 2010/75/AE, ainm agus faisnéis teagmhála le haghaidh na nithe seo a leanas: (a) an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla atá freagrach as ceadanna nó clárú a dheonú faoi Chaibidil VIa den Treoir sin; (b) an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla atá freagrach as cigireachtaí faoi Chaibidil VIa den Treoir sin.

([1]) Tá an fhaisnéis le tuairisciú mar a leanas:
(a) faoin 30 Meán Fómhair 2031 le haghaidh na bliana tuairiscithe 2030 i gcás suiteálacha ag a bhfuil acmhainneacht 600 aonad beostoic nó níos mó;
(b) faoin 30 Meán Fómhair 2032 don bhliain tuairiscithe 2031 i gcás suiteálacha ag a bhfuil acmhainneacht 400 aonad beostoic nó níos mó;
(c) faoin 30 Meán Fómhair 2033 le haghaidh na bliana tuairiscithe 2032 i gcás na suiteálacha uile eile a chumhdaítear le hIarscríbhinn Ia a ghabhann le Treoir 2010/75/AE.

IARSCRÍBHINN II

Faisnéis faoi shuiteálacha a chumhdaítear le Caibidil V de Threoir 2010/75/AE

2.1.	Suiteálacha a chumhdaítear le Caibidil V de Threoir 2010/75/AE (suiteálacha ina n-úsáidtear tuaslagóirí orgánacha)	(a) An líon iomlán suiteálacha a chumhdaítear le Caibidil V de Threoir 2010/75/AE. (b) An líon suiteálacha a chomhlíonann Airteagal 59(1)(b) de Threoir 2010/75/AE. (c) An líon suiteálacha ar deonaíodh maolú ina leith, dá bhforáiltear in Airteagal 59(2) de Threoir 2010/75/AE. (d) An líon suiteálacha ar deonaíodh maolú ina leith, dá bhforáiltear in Airteagal 59(3) de Threoir 2010/75/AE.